Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**9544/21**

**ENFOPOL 217**
**JAI 680**
**SPORT 42**
**CT 76**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 7 Meitheamh 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8648/21 + COR 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le foréigean a bhaineann le spórt<br>– *Conclúidí ón gComhairle* (7 Meitheamh 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le foréigean a bhaineann le spórt, a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an 3799ú cruinniú a bhí aici an 7 Meitheamh 2021.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE FORÉIGEAN A BHAINEANN LE SPÓRT

1. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR gurb é cuspóir an Aontais Eorpaigh, i measc nithe eile, ardleibhéal sábháilteachta a chur ar fáil do shaoránaigh laistigh de limistéar saoirse, slándála agus ceartais, trí chomhghníomhaíocht a fhorbairt i measc na mBallstát i réimse an chomhair póilíneachta mar a leagtar síos i dTeideal V den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh[1], agus cearta agus saoirsí bunúsacha á n-urramú ag an am céanna,

2. Á MHEABHRÚ DI go leagtar béim i Straitéis nua an Aontais Eorpaigh 2021-2025 ar an ngá atá ann dul i ngleic leis an sceimhlitheoireacht agus an radacú a chosc, an choireacht eagraithe a chur de dhroim seoil, agus an chibearchoireacht a chomhrac,

3. Á THABHAIRT DÁ hUÍDH na tosaíochtaí straitéiseacha agus na treoirphrionsabail maidir le comhar trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí atá i gClár Oibre Straitéiseach an Aontais Eorpaigh 2019-2024, an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis nua an Aontais Eorpaigh um Aontas Slándála 2021-2025, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSlándáil Inmheánach agus an Chomhpháirtíocht Eorpach Póilíní, Nollaig 2020, Cinneadh Prüm (2008/615/CGB), agus Lámhleabhar Sacair 2016 an Aontais[2],

---

[1] Coinbhinsiún Prüm (10900/05); agus, an Rún ón gComhairle i ndáil le lámhleabhar nuashonraithe ina bhfuil moltaí don chomhar idirnáisiúnta póilíneachta agus bearta chun foréigean agus suaitheadh ag cluichí sacair idirnáisiúnta a chosc agus a rialú, a bhfuil baint ag Ballstát amháin ar a laghad leo (12795/16 - IO C 444, 29.11.2016, lgh. 1–36); Rún ón gComhairle maidir le lámhleabhar ina bhfuil moltaí chun foréigean agus suaitheadh a chosc agus a bhainistiú i ndáil le cluichí sacair idirnáisiúnta, ina bhfuil Ballstát amháin ar a laghad rannpháirteach, trí dhea-chleachtas a ghlacadh i ndáil le hidirchaidreamh póilíneachta le lucht tacaíochta (12792/16); Rún ón gComhairle maidir leis na costais a bhaineann le toscaireachtaí póilíneachta a óstáil agus a imscaradh i ndáil le cluichí sacair (agus imeachtaí spóirt eile) a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leo, ina bhfuil Ballstát amháin ar a laghad rannpháirteach (12791/16); Rún ón gComhairle maidir leis an úsáid a bhaineann na Ballstáit as toirmisc ar rochtain ar ionaid cluichí sacair idirnáisiúnta (2003/C 281/01); Cinneadh ón gComhairle maidir le slándáil i ndáil le cluichí sacair idirnáisiúnta (2002/348/CGB, arna leasú le Cinneadh 2007/412/CGB ón gComhairle);

[2] Rún ón gComhairle i ndáil le lámhleabhar nuashonraithe ina bhfuil moltaí don chomhar idirnáisiúnta póilíneachta agus bearta chun foréigean agus suaitheadh ag cluichí sacair idirnáisiúnta a chosc agus a rialú, a bhfuil baint ag Ballstát amháin ar a laghad leo (‘Lámhleabhar Sacair an Aontais’ – 2016/C 444/01)

4. Á MHEABHRÚ DI go ndéanann an spórt, agus mórimeachtaí spóirt go háirithe, an rathúnas a léiriú, comhroinnt taithí agus luachanna a chur chun cinn, agus go bhfuil siad i gcomhghaol díreach le folláine agus forbairt shochaí na hEorpa agus a saoránach,

5. Á AITHINT DI a ábhartha atá imeachtaí spóirt sa chomhthéacs sóisialta, eacnamaíoch, cultúrtha agus polaitiúil, agus Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI tionchar COVID-19 ar gheilleagair na mBallstát, ar thionscnaimh shóisialta agus chultúrtha, ar an gcomhar póilíneachta idirnáisiúnta agus ar na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, ó tharla go mbeidh orthu a straitéisí slándála a chur in oiriúint don timpeallacht nua seo ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta agus réigiúnach,

6. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI a thábhachtaí atá imeachtaí spóirt ina gcáil mar ollchruinnithe a thugann le chéile lucht leanúna go leor ó thíortha éagsúla, agus nach mór sábháilteacht, slándáil agus sláinte na ndaoine sin a bheith ina thosaíocht ag cách,

7. Á MHEABHRÚ DI go mbíonn an tAontas Eorpach go mion agus go minic ina óstach ar mhórimeachtaí spóirt a mbíonn gné idirnáisiúnta ag baint leo; orthu siúd, agus an-tóir agus tábhacht ag baint leo sa chomhthéacs domhanda spóirt, tá Sraith Seaimpíní UEFA agus Craobh Sacair Eorpach UEFA,

8. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI gur dúshlán uathúil don tslándáil í an tsamhail nua atá roghnaithe ag UEFA don chéad chraobh eile UEFA EURO (Meitheamh-Iúil 2021) ós rud é go mbeidh an comórtas ar siúl in éineacht in aon cheann déag de chathracha Eorpacha,

9. Á AITHINT DI an ról tábhachtach atá ag EUROPOL maidir le tacú leis na Ballstáit agus lena n-údaráis inniúla an comhar a chur chun cinn i measc gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí,

**DÉANANN AN CHOMHAIRLE AN MÉID A LEANAS:**

10. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur cheart do lucht eagraithe mórimeachtaí, bídís ina n-imeachtaí polaitiúla, cultúrtha nó spóirt, a chuirtear ar siúl le linn phaindéim COVID-19, leanúint de bhearta agus nósanna imeachta a ghlacadh lena gcoisctear scaipeadh an víris i measc na ngníomhaithe uile lena mbaineann: an pobal i gcoitinne, foirne, réiteoirí, bainisteoirí agus comhordaitheoirí imeachtaí, oifigigh forfheidhmithe dlí, cosaint shibhialta, foireann liachta agus éigeandála, pearsanra slándála príobháideach, na meáin agus baill foirne eile,

11. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a ábhartha atá an comhar idirnáisiúnta póilíneachta agus an malartú faisnéise chun a áirithiú go mbeidh UEFA EURO 2020 slán sábháilte, lena n-áirítear trí ardáin dhigiteacha, go háirithe ós rud é go mbeidh na cluichí atá beartaithe ar siúl i líon mór de chathracha na hEorpa,

12. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart do na Ballstáit sin a bhfuil cúnamh á fháil acu ó fhairtheoirí ó Bhallstáit eile, méid agus comhdhéanamh na n-imscarthaí sin, mar aon leis na nósanna imeachta is infheidhme, a léiriú a mhéid is féidir d'fhonn comhar idirnáisiúnta éifeachtach a áirithiú. Níor cheart go gcuirfeadh an méid sin bac ar aon choigeartú ina dhiaidh sin a d'eascródh as measúnú riosca dinimiciúil,

13. AITHNÍONN SÍ go bhféadfadh sé gur den ríthábhacht faireachán a dhéanamh ar ghluaiseacht lucht tacaíochta (a bhféadfadh fadhbanna a bheith ag baint leo) ar fud na mBallstát d'fhonn an neamhord poiblí agus an ghníomhaíocht choiriúil ghaolmhar a chosc, d'ainneoin nach mbeidh an pobal i gcoitinne i láthair ag na hionaid spóirt. Dá bhrí sin, MOLANN an Chomhairle go ndéanfaí comhar éifeachtach idirnáisiúnta trí ghrúpaí speisialaithe *d'fhairtheoirí* forfheidhmithe dlí a imscaradh *mar aon le hoifigigh idirchaidrimh eile ag Ionad Idirnáisiúnta Comhair na bPóilíní,* fiú i gcás nach mbíonn aon bhaill den phobal i gcoitinne i láthair ag an imeacht spóirt.

14. AITHNÍONN SÍ, i bhfianaise roinnt eachtraí foréigin a tharla i roinnt tíortha san Eoraip le déanaí, ar eachtraí iad a raibh baint acu leis an spórt agus ina raibh lucht tacaíochta páirteach ar dream iad a bhféadfadh fadhbanna a bheith ag baint leo, go bhfuil sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin ní hamháin i staideanna spóirt agus in ionaid spóirt eile, ach i gcomhthéacs gníomhaíochtaí eile a bhaineann leis an bhfeiniméan sin. Dá bhrí sin, d'fhonn teagmhais a chosc agus a mhaolú, a bhféadfadh a bheith contúirteach, measann an Chomhairle gurb ábhartha aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin trí chur chuige iomlánaíoch a ghlacadh. Ba cheart raon feidhme na mbeart coisctheach a mhéadú chun suíomhanna nach ionaid spóirt iad a chumhdach, ach ar suíomhanna iad a mheallann lucht tacaíochta nach beag agus a d'fhéadfadh a bheith ina riosca slándála dá réir. Is den bhuntábhacht don tslándáil fhoriomlán ag mórimeachtaí spóirt na bearta coisctheacha a chuireann na póilíní i bhfeidhm in áiteanna amhail na córais iompair phoiblí, aerfoirt, óstáin, ionaid oiliúna, láithreacha a bhíonn á n-úsáid ag foirne agus réiteoirí, limistéir siamsaíochta oíche agus spásanna poiblí eile.

15. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá an dlúthchomhar idir na geallsealbhóirí ábhartha uile faoi chuimsiú na n-imeachtaí idirnáisiúnta spóirt, go háirithe iad siúd atá freagrach go díreach as sábháilteacht, slándáil, seirbhísiú agus bainistiú mórimeachtaí spóirt,

16. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá sé tuarascáil chríochnaitheach agus meastóireacht a réiteach maidir leis an gcomórtas, ar gur cheart an tuarascáil sin a dháileadh ar na geallsealbhóirí ábhartha, trí na Pointí Náisiúnta Faisnéise Sacair agus trí Ardán Europol do Shaineolaithe (arna chruthú chun na críche sin). Ba cheart díriú sa tuarascáil ar shaincheisteanna slándála poiblí agus forfheidhmithe dlí agus díospóireacht a chothú maidir le saincheisteanna slándála sainaitheanta, lena n-áirítear leochaileachtaí agus deacrachtaí a bhaineann le COVID 19,

17. CUIREANN SI I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé spásanna poiblí a chosaint le linn mórimeachtaí spóirt, agus a áirithiú go ndéanfar spásanna príobháideacha atá oscailte don phobal a chosaint, trí choincheapa na slándála trí dhearadh a chur chun feidhme agus leas a bhaint as córais faireachais agus braite ina mbíonn an intleacht shaorga in úsáid, agus cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha á n-urramú ag an am céanna agus i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta,

18. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, trína ngníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar ábhar ar líne d'fhonn scaipeadh teachtaireachtaí gríosaithe foréigin, antoisceachais, radacaithe agus seineafóibe a chosc agus a mhaolú,

19. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór do na Ballstáit measúnú riosca an lucht tacaíochta sin a ngabhann riosca leo a mhéadú, go háirithe iad siúd a bhfuil idé-eolaíochtaí antoisceacha acu, d'fhonn gníomhaíocht naimhdeach choiriúil fhéideartha a shainaithint, a chosc agus a theorannú le linn imeachtaí idirnáisiúnta spóirt. MEASANN an Chomhairle más ea gur cheart an comhar a fheabhsú idir faire agus imscrúdú coireachta na bpóilíní, coscphóilíneacht agus garphóilíneacht d'fhonn roinnt na faisnéise ábhartha a chur chun cinn,

20. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá sé an comhar a neartú idir gníomhaireachtaí agus líonraí forfheidhmithe dlí an Aontais agus sainghrúpaí Chomhairle na hEorpa, chun foréigean a bhaineann leis an spórt a chosc agus chun dul i ngleic leis an gciníochas, leis an tseineafóibe agus leis an antoisceachas i measc an lucht tacaíochta,

21. Laistigh de chreat an chomhair trasteorann póilíneachta, GEALLANN SÍ a tacaíocht do mheithleacha saineolaithe a bhfuil saineolas ábhartha póilíneachta acu i gcomhthéacs an fhoréigin agus an antoisceachais a bhaineann leis an spórt, agus na meithleacha sin a neartú ní hé amháin san Aontas Eorpach ach ar fud an domhain i gcás mórimeachtaí spóirt i gcomhar le INTERPOL.

22. IARRANN SÍ ar líonra na bPointí Náisiúnta Faisnéise Sacair, le tacaíocht ó Europol, tuarascáil bhliantúil a réiteach agus a thíolacadh maidir leis an measúnú ar bhagairt agus an foréigean a bhaineann le himeachtaí spóirt.

23. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá ról na bPointí Náisiúnta Faisnéise Sacair[3] mar lárphointí teagmhála díreacha do mhalartú faisnéise póilíneachta agus chun an comhar póilíneachta idirnáisiúnta a éascú i ndáil le cluichí sacair idirnáisiúnta. MEABHRAÍONN SÍ do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh dóthain acmhainní ag a gcuid Pointí Náisiúnta Faisnéise Sacair chun na cúraimí a shanntar dóibh a chur i gcrích.

24. Ós rud é, de réir na gcleachtóirí, go gceanglaítear le Cinneadh 348/2002 ón gComhairle nuashonrú a dhéanamh chun na cleachtais is fearr agus cur chuige reatha na bpóilíní a léiriú, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún comhoibriú go dlúth le líonra na bPointí Náisiúnta Faisnéise Sacair agus féachaint an bhféadfaí togra reachtach iomchuí a thíolacadh.

---

[3] Tá an Coimisiún Eorpach ag tacú le líonra na bPointí Náisiúnta Faisnéise Sacair trí bhíthin an tionscadail 'Líonra na bPointí Náisiúnta Faisnéise Sacair: Póilíneacht Imeachtaí & an Comhar Idirnáisiúnta do EURO 2020' (cinneadh deontais: EAC-2018-0474).